



Roinn an Taoisigh

ACHT NA DTEANGACHA OIFIGIÚLA

2003

SCÉIM TEANGA

2016 - 2019

Clár

Caibidil 1: Réamhrá agus Cúlra	3
1.1 Réamhrá	3
1.2 Ullmhú agus Ábhar na Scéime.....	3
1.3 Dáta Tosaithe na Scéime	3
Caibidil 2: Léargas Ginearálta ar Roinn an Taoisigh.....	4
2.1 Misean agus Aidhmeanna	4
2.2 Príomhfheidhmeanna.....	4
2.3 Príomhsheirbhísí.....	5
2.4 Custaiméirí agus Cliaint	5
Caibidil 3: Sonraí Seirbhísí ar fáil i mBéarla amháin nó go dátheangach.....	6
Caibidil 4: Ag Feabhsú Soláthar Seirbhísí i nGaeilge.....	8
Caibidil 5: Ag Feabhsú Soláthar Seirbhísí i nGaeilge sa Ghaeltacht.....	12
Caibidil 6: Ag Feabhsú Inniúlacht sa Ghaeilge.....	13
6.1 Earcaíocht	13
6.2 Oiliúint agus Forbairt.....	13
6.3 Poist Shainithe Ghaeilge	15
Caibidil 7: Monatóireacht agus Athbhreithniú	16
Caibidil 8: Poibliú na Scéime Comhaontaithe.....	17

Caibidil 1: Réamhrá agus Cúlra

1.1 Réamhrá

Forálann Acht na dTeangacha Oifigiúla 2003 d'ullmhú scéim teanga ag comhlachtaí poiblí ag tabhairt mionsonraí faoi na seirbhísí a sholáthróidh siad:

- trí mheán na Gaeilge,
- trí mheán an Bhéarla, agus
- trí mheán na Gaeilge agus an Bhéarla

agus na bearta a ghlacfar lena chinntiú go ndéanfar aon seirbhís nach bhfuil an comhlacht ag soláthar trí mheán na Gaeilge a sholáthar laistigh de fhráma ama comhaontaithe.

De réir alt 14(3) den Acht, fanann scéimeanna teanga i bhfeidhm ar feadh tréimhse 3 bliana nó go dtí go mbeidh scéim nua daingnithe, cibé acu is déanaí, ag an Aire Ealaíon, Oidhreachta agus Gaeltachta.

1.2 Ullmhú agus Ábhar na Scéime

Tá aird mar is cuí tugtha ar na Treoirínte a d'eisigh an Roinn Ealaíon, Oidhreachta agus Gaeltachta agus an scéim seo á hullmhú. Ina theannta sin, tugadh faoi phróiseas cuimsitheach comhairliúcháin leis na páirtithe leasmhara uile.

Tá [Roinn an Taoisigh] á threorú ag an bprionsabal gur cheart go mbeadh soláthar seirbhísí Gaeilge bunaithe ar:

- an leibhéal bunúsach éilimh ar sheirbhísí ar leith i nGaeilge,
- an tábhacht a bhaineann le cur chuige réamhghníomhach i soláthar seirbhísí dá leithéid, agus
- acmhainní, lena n-áirítear acmhainní daonna agus airgeadais, agus cumas an chomhlachta an cumas riachtanach teanga a fhorbairt nó a rochtain.

Comhlánaíonn an scéim seo prionsabail a bhaineann le Seirbhís ar Ardchaighdeán do Chustaiméirí agus ár gCairt Chustaiméirí. Tá sí curtha le chéile leis an aidhm go gcomhlíonfaí gach oibleagáid ábhartha faoi Acht na dTeangacha Oifigiúla atá ar [Roinn an Taoisigh] ar bhonn céimnithe, tríd an scéim seo agus trí scéimeanna amach anseo.

Tá an Scéim bunaithe ar na gealltanais ar fad a bhí in aon scéim roimhe seo a bheith curtha i bhfeidhm. Sa chás nár cuireadh i bhfeidhm ina n-iomláine go dtí seo na gealltanais a bhí i scéimeanna roimhe seo, [bhí] an cheist ina ábhar plé le hOifig an Choimisinéara Teanga. Tuigtear agus aithnítear an t-am agus an iarracht a chuireann gach duine a bhfuil baint acu leis an bpróiseas seo isteach ann.

1.3 Dáta Tosaithe na Scéime

Tá an Scéim daingnithe ar an **29 Feabhra 2016** ag an Aire Ealaíon, Oidhreachta agus Gaeltachta. Tosaíonn sí le héifeacht ón dáta seo agus beidh sí i bhfeidhm ar feadh tréimhse 3 bliana nó go dtí go mbeidh scéim eile daingnithe, cibé acu is déanaí.

Caibidil 2: Léargas Ginearálta ar Roinn an Taoisigh

Is é cuspóir na Roinne cabhrú leis an Taoiseach agus leis an Rialtas geilleagar inbhuanaithe agus sochaí rathúil a fhorbairt, féachaint do leasanna na hÉireann thar lear a bhaint amach, Clár an Rialtais a chur i bhfeidhm agus todhchaí níos fearr d'Éirinn agus dá saoránaigh go léir a thógáil.

Tá baint dhíreach ag Roinn an Taoisigh le raon seirbhísí riachtanacha Rialtais a chur ar fáil, chomh maith le feidhmeanna comhairleacha maidir le beartas straitéiseach.

2.1 Misean agus Aidhmeanna

- Comhairle oibiachtúil, bunaithe ar fhianaise a chur ar fáil don Rialtas, freagra a thabhairt ar fhorbairtí, agus cuspóirí an Rialtais a bhaint amach fad a ndéantar gach iarracht na torthaí is fearr is féidir a bhaint amach chun leasa fadtéarmach na tíre.
- Freastal ar shaoránaigh agus ar pháirtithe leasmhara go héifeachtúil, cothrom agus le meas, i gcóras atá oscailte, trédhearcach agus cuntasach.

2.2 Príomhfeidhmeanna

Tá baint dhíreach ag Roinn an Taoisigh le raon seirbhísí riachtanacha Rialtais a chur ar fáil, chomh maith le feidhmeanna comhairleacha maidir le beartas straitéiseach.

Seo a leanas ár bpríomhghníomhaíochtaí:

- feidhmeanna feidhmeannacha an Taoisigh agus an Rialtas
- Rúnaíocht an Rialtais
- tacú leis an Taoiseach a chuid dualgas a dhéanamh mar Cheann an Rialtais, lena n-áirítear maidir leis an Oireachtas, saincheistanna i ndáil leis an mBunrecht, Prótacal, an Chomhairle Eorpach, an Chomhairle Aireachta Thuaidh/Theas agus Comhairle na Breataine-na hÉireann.
- páirt a ghlacadh i gcur le chéile agus i gcur i bhfeidhm beartas Rialtais, trí chóras na gCoistí Comh-Aireachta go príomha, lena n-áirítear an Chomhairle Bainistíochta Eacnamaíochta, Grúpaí Oifigeach Sinsearach agus Oifig Chlár an Rialtais
- Oifig an Taoisigh
- Oifig an Tánaiste
- Oifig Phríomh-Aoire an Rialtais
- tacú leis na hAirí Stáit a shanntar ar an Roinn (le freagracht as Gnóthaí Eorpacha agus Cosaint Sonraí, Gnóthaí an Diaspóra agus Seirbhísí Airgeadais)
- Preasoifig an Rialtais
- faisnéis agus comhairle a chur ar fáil don Taoiseach ar raon iomlán saincheistanna maidir le beartas baile agus gnóthaí idirnáisiúnta
- tacú leis an Taoiseach agus leis an Rialtas ó thaobh beartas AE a chur le chéile agus a chur i bhfeidhm, lena n-áirítear leasanna beartas AE a chomhordú ar fud an Rialtais ar fad
- seirbhísí tacaíochtaí a sheachadadh tríd an Rannán Gnóthaí Corparáideacha (Acmhainní Daonna, Airgeadas, IT agus seirbhísí eile)

2.3 Príomhsheirbhísí

Chomh maith leis na gníomhaíochtaí ar an liosta thuas, caitear go leor ama agus dua ar cheisteanna parlaiminte a fhreagairt, ar ábhar a ullmhú le húsáid san Oireachtas, ar iarrataí um Shaoráil Faisnéise a phróiseáil, ar litreacha agus ceisteanna ón bpobal a fhreagairt, ar ócáidí a eagrú, ar óráidí a ullmhú agus ar cheisteanna ó na meáin a fhreagairt.

Mar gheall go ndíríonn príomhobair na Roinne ar dhéileáil leis an Rialtas agus le Gníomhaireachtaí agus Ranna Rialtais eile, ní bhíonn éileamh mór ón bpobal ar sheirbhís i nGaeilge. |

2.4 Custaiméirí agus Cliaint

Bíonn an Roinn ag idirghníomhú le raon leathan geallsealbhóirí, lena n-áirítear:

- An Taoiseach, Príomh-Aoire an Rialtais agus Airí Stáit, an Rialtas, ionadaithe poiblí agus Gníomhaireachtaí, Oifigí agus Ranna Rialtais eile
- na forais agus na páirtithe i dTuaisceart Éireann, rialtais eile, forais idirnáisiúnta
- raon leathan gníomhaithe ó lasmuigh den tseirbhís phoiblí

Tá naisc againn freisin leis an bpobal acadúil agus taighde, le gnó, le gairmeacha an dlí agus eile, agus le soláthraithe earraí agus seirbhísí chuig an Roinn.

Ní nach ionann le go leor Ranna Rialtais, níl mórán teagmháil dhíreach againn leis an bpobal agus níl baint mhór againn le seirbhísí poiblí sonracha a chur ar fáil don phobal. Mar sin féin, déanann daoine teagmháil leis an Roinn chun eolas a lorg nó le ceisteanna eile agus déileálann Oifig Phríobháideacha agus Oifigí Toghlaigh an Taoisigh le formhór na bhfiosrúchán seo.

Tá ról suntasach le himirt ag Seirbhísí Preasa agus Faisnéise Rialtais chun faisnéis a chur ar shúile an phobail ghinearálta. Cuirimid turais thart ar Thithe an Rialtais ar fáil don phobal ar an Satharn chomh maith. Tá tuilleadh eolais faoi na seirbhísí a chuirimid ar fáil don phobal i nGaeilge agus i mBéarla sa chéad chaibidil eile. |

Caibidil 3: Sonraí Seirbhísí ar fáil i mBéarla amháin nó go dátheangach

Ní mór sonraí a thabhairt de na seirbhísí atá ar fáil faoi láthair i mBéarla amháin nó go dátheangach i nGaeilge agus i mBéarla, **ag cur seirbhísí sa Ghaeltacht san áireamh.**

Soláthar Seirbhísí Ar Fáil Faoi Láthair		
Seirbhísí (Ginearálta)	Seirbhísí i mBéarla amháin	Go dátheangach, i nGaeilge agus i mBéarla
Foilseacháin	I mBéarla amháin a fhoilsítear tuarascálacha nach mbíonn ach scaipeadh teoranta acu agus a bhíonn dírithe ar shainghrúpaí, agus nach leagtar amach iontu tograí maidir le beartas poiblí, ach amháin sa chás gur eol dúinn go ndearnadh éileamh mór orthu roimhe; agus ag féachaint do chúrsaí cumais.	Go dátheangach a fhoilsítear na cáipéisí seo a leanas: <ul style="list-style-type: none"> • Tuarascálacha Bliantúla • Ráitis Straitéise • Cáipéisí ina leagtar amach tograí maidir le beartas poiblí • Cuntais iniúchta • An Treoir do Thithe an Rialtais • Lámhleabhar na Comh-Aireachta • Leabhráin Chomórtha • Biachláir agus cuirí • Scéim na dTeangacha Oifigiúla
	Sa teanga a dtugtar iad a fhoilsítear óráidí.	Mar sin féin, cuirtear óráidí suntasacha a dtugtar i mBéarla ar fáil i nGaeilge freisin. I nGaeilge a foilsíodh 20% de na hóráidí ar ár suíomhanna ghréasáin i 2014.
		I nGaeilge agus i mBéarla nó i nGaeilge amháin a fhoilsítear fógraí 'Iris Oifigiúil'. I nGaeilge a bhíonn Barántais Cheapacháin (breithimh, oifigh airm, etc.) agus Ionstraimí (Airí Ranna).
[Faisnéis don Phobal]	Foilsíodh 28% dár bpreaseisiúintí i mBéarla amháin in 2014	Go dátheangach a foilsíodh an chuid eile (72%).
		Sa dá theanga atá an t-ábhar agus na grafaicí nach dtagann aon athrú orthu ar ár suíomhanna gréasáin reatha taoiseach.gov.ie agus MerrionStreet.ie . Déanfar an rud céanna le haon suíomh gréasáin nua a thabharfar isteach le linn na Scéime seo. Tugtar deis do chuirteoirí ar leathanach baile

		taoiseach.gov.ie (an ‘splancscáileán’) Gaeilge nó Béarla a roghnú (Gaeilge ar chlé) sula dtéann siad isteach ar an suíomh. Tá ainmneacha fearainn i nGaeilge cláraithe dár suíomhanna agus tugann siad rochtain dhíreach ar an gcuid Ghaeilge de na suíomhanna. Cuirtear píosaí fuaime agus físeáin ar fáil sa teanga/sna teangacha ina fuarthas iad.
		Cuirtear bróisiúir agus bileoga eolais don phobal ar fáil sa dá theanga
		Ní úsáidimid seirbhís freagartha gutháin uathobrithe ar phríomhuimhir na Roinne. Tugann ár mbaill foirne fáilteachais/lasc-chláir ainm na Roinne i nGaeilge agus i mBéarla. Tá na beannachtaí bunúsacha ar eolas acu ag na baill foirne sin agus tá siad ábalta daoine den phobal a chur ar aghaidh gan mhoill chuig an oifigeach atá freagrach as seirbhís i nGaeilge a chur ar fáil.
Comhfhreagras leis an bPobal		De réir théarmaí Acht na dTeangacha Oifigiúla, sa chás go ndéanann duine cumarsáid linn i scríbhinn nó go leictreonach i dteanga oifigiúil, tugaimid freagra sa teanga chéanna.
Fógraí réamhthairfeadta ó bhéal		Sa dá theanga a thugtar fógraí sna hardaitheoirí.
Turais an tSathairn thart ar Thithe an Rialtais		Tá turais i nGaeilge ar fáil ach iad a iarraidh.
Seirbhísí ar fáil sa Ghaeltacht	Seirbhísí i mBéarla amháin	Go dátheangach, i nGaeilge agus i mBéarla
Ní chuirimid seirbhísí ar fáil go díreach chuig ceantair Ghaeltachta.		

Caibidil 4: Ag Feabhsú Soláthar Seirbhísí i nGaeilge

Is riachtanais éigeantacha faoi Acht na dTeangacha Oifigiúla 2003 iad na forálacha i gcló liath atá le feiceáil sa tábla thíos.

Modh Cumarsáide leis an bPobal		Gealltanais	
Fógraí réamhthairfeadta ó Bhéal		Beidh na fógraí réamhthairfeadta seo a leanas i nGaeilge nó go dátheangach:	Éigeantach
		<p>(a) Cuirfear fógraí tairfeadta ó bhéal ar fáil i nGaeilge nó go dátheangach ar an nguthán nuair atá ár n-oifigí dúnta;</p> <p>(b) Cuirfear fógraí tairfeadta ó bhéal a chraoltar ar chóras fógartha poiblí ar fáil i nGaeilge nó go dátheangach;</p> <p>(c) Cuirfear fógraí ó bhéal a chruthaítear agus a chraoltar trí chóras ríomhtheachtaireachta nó trí chóras ríomhfhreagartha gutháin ar fáil i nGaeilge nó go dátheangach.</p> <p>Tabhair faoi deara gur fógairtí ‘tairfeadta’ seachas fógairtí ‘beo’ a bhaineann le hábhar anseo.</p> <p>Sa chás go bhfuil Ordú Logainmneacha i bhfeidhm, úsáidfear an leagan Gaeilge den Logainm atá sonraithe san Ordú sin i bhfógraí tairfeadta ó bhéal a dhéanann comhlacht poiblí nó a dhéantar ar a shon.</p>	
Cumarsáid i Scríbhinn	Litreacha agus Post Leictreonach	Tabharfar freagra ar an gcumarsáid scríofa uile sa teanga oifigiúil ina bhfuarthas í.	Éigeantach
	Stáiseanóireacht	Ceannteidil ar stáiseanóireacht áirithe ar a n-áirítear nóta-pháipéar, duillíní dea-mhéine, leatháin chlúdaigh facs, clúdaigh comhad agus fillteáin eile, lipéid agus clúdaigh litreach a chur ar fáil i nGaeilge nó go dátheangach.	Éigeantach
Comharthaí	Comharthaí	Ní mór an chomharthaíocht uilig a chuireann Roinn an Taoisigh in airde nó a chuirtear in airde thar a cheann a bheith i nGaeilge nó dátheangach, faoi réir na rialachán (I.R. Uimh 391/2008).	Éigeantach
Foilseacháin	Foilseacháin	Foilseofar cáipéisí ina leagtar amach tograí	Éigeantach

		polasaí poiblí, cuntais iniúchta nó ráitis airgeadais, tuarascálacha bliantúla agus ráitis straitéise i nGaeilge agus i mBéarla ag an am céanna.	
	Ciorcláin / Cora Poist	I gcás ina ndéanfaidh comhlacht poiblí cumarsáid i scríbhinn nó leis an bpost leictreonach leis an bpobal i gcoitinne nó le haicme den phobal i gcoitinne chun faisnéis a thabhairt don phobal nó don aicme, cinnteoidh an comhlacht gur i nGaeilge, nó i mBéarla agus i nGaeilge, a bheidh an chumarsáid	Éigeantach
An Ghaeltacht	Logainmneacha Gaeltachta	Bainfear úsáid as Logainmneacha Oifigiúla na gceantar Gaeltachta de réir na reachtaíochta.	Éigeantach

Seo a leanas liosta gníomhartha molta ag Roinn an Taoisigh faoi gach seirbhís.

Modh Cumarsáide leis an bPobal		Gealltanais	Amlíne Laistigh de BI.1/BI.2/BI.3
Cumarsáid ó Bhéal / Scríbhinn	Fáiltiú	Sa chás go mbeidh duine den phobal ag iarraidh labhairt le duine i nGaeilge, déanfaidh an fhoireann fáilteachais teagmháil leis an duine cuí. Tá fógra ar taispeánt san Fháiltiú a thugann mionsonraí faoi na baill foirne a bhfuil Gaeilge acu	Leanúnach
	Seirbhís Duine le Duine/Chuntair	San Fháiltiú amháin atá seirbhís duine le duine/chuntair ar fáil. Tá fógra ar taispeánt a thugann ainmneacha agus fo-línte gutháin na mball foirne atá ar fáil chun déileáil le ceisteanna i nGaeilge.	Leanúnach
	Lasc-chlár	Tugann ár mbaill foirne fáilteachais/lasc-chláir ainm na Roinne i nGaeilge agus i mBéarla. Tá na beannachtaí bunúsacha ar eolas acu ag na baill foirne sin agus tá siad ábalta daoine den phobal a chur ar aghaidh gan mhoill chuig an oifigeach atá freagrach as seirbhís i nGaeilge a chur ar fáil. Déanfaimid iarracht an ardchaighdeán seirbhíse a chuireann an fhoireann lasc-chláir ar fáil faoi láthair a choimeád, trí iarraidh ar an soláthróir seirbhíse a chinntiú go bhfuil leibhéal maith líofachta sa Ghaeilge ag na baill foirne a shanntar ar an lasc-chláir.	Leanúnach

	Cumarsáid ghutháin leis an bpobal	Tugann ár mbaill foirne fáilteachais/las-chláir ainm na Roinne i nGaeilge agus i mBéarla. Tá na beannachtaí bunúsacha ar eolas acu ag na baill foirne sin agus tá siad ábalta daoine den phobal a chur ar aghaidh gan mhoill chuig an oifigeach atá freagrach as seirbhís i nGaeilge a chur ar fáil.	Leanúnach
	Fógraí réamhthairfeadta ó Bhéal	Sa dá theanga a thugtar fógraí sna hardaitheoirí. Níl aon fhógraí réamhthairfeadta ó bhéal in úsáid againn.	Leanúnach
	Fógraí Beo	Ní bhaineann an Roinn úsáid as fógraí beo.	Leanúnach
	Bileoga Eolais/Bróisiúir	Sa dá theanga a chuirtear bróisiúir agus bileoga eolais ar fáil don phobal agus leanfar leis an nósmaireacht sin.	Leanúnach
	Foirmeacha Iarratais	Tá na foirmeacha iarratais go léir ar fáil go dátheangach.	Leanúnach
Na Meáin	Preaseisiúintí	Táimid tiomanta leanúint orainn ar a laghad 30% de na preaseisiúintí a fhoilsiú i nGaeilge gach bliain, agus a chinntiú go bhfoilseofar preaseisiúintí i nGaeilge ar an suíomh gréasáin cúpla uair an chloig i ndiaidh na bpreaseisiúintí i mBéarla, sa chás nach bhfoilseofar go comhuaineach iad. In 2014, foilsíodh 72% dár bpreaseisiúintí go dátheangach.	Leanúnach
	Urlabhraithe na Meán	Ainmneofar ball foirne mar Urlabhraí Gaeilge do na Meáin. Déanfaidh an duine sin caidreamh le meáin na Gaeilge.	Leanúnach
	Óráidí	Is sa teanga a dtugtar iad a fhoilsítear óráidí. Mar sin féin, cuirtear líon áirithe óráidí Béarla ar fáil i nGaeilge chomh maith. In 2014, ba i nGaeilge a foilsíodh 20% de na hóráidí ar an suíomh gréasáin. (Mar gheall go mbíonn óráidí níos faide, de ghnáth, agus beagán níos casta ó thaobh na teanga de ná preaseisiúintí, tá sé tugtha faoi deara againn go mbíonn beagán níos mó ama de dhíth chun aistriúcháin ar óráidí a fhoilsiú ar an suíomh gréasáin.	Leanúnach

Teicneolaíocht Faisnéise	Ríomhphoist	De réir cheanglas Acht na dTeangacha Oifigiúla, is i nGaeilge a dtugaimid freagra ar aon ríomhphoist a fhaighimid i nGaeilge. Bíonn ár dteachtaireachtaí 'as oifige' dátheangach go huathoibríoch. Tá bosca ríomhphoist tiomnaithe (gaeilge@taoiseach.gov.ie) ar fáil d'fhiosrúcháin i nGaeilge.	Leanúnach
	Suíomhanna Gréasáin	Sa dá theanga atá an t-ábhar agus na grafaicí nach dtagann aon athrú orthu ar ár suíomhanna gréasáin reatha (taoiseach.gov.ie agus MerrionStreet.ie). Déanfar an rud céanna le haon suíomh gréasáin nua a thabharfar isteach le linn na Scéime seo. Clárófar ainmneacha fearainn i nGaeilge d'aon suíomh nua agus tabharfaidh siad rochtain dhíreach ar an gcuid Ghaeilge de na suíomhanna.	Leanúnach
	Córais Ríomhaireachta	Sa chás go bhforbróimid córais ríomhaire a mbeidh rochtain ag an bpobal orthu, cinnteoidimid go mbeidh siad lán-ábailta déileáil leis an nGaeilge, agus choimeádfaí an cumas sin aon uair a dhéanfaí uasghrádú ar chóras den sórt sin.	Leanúnach
	Seirbhísí Idirghníomhacha	Ní chuirimid seirbhísí idirghníomhacha ar líne ar fáil don phobal faoi láthair. Sa chás go gcuirfear ar fáil iad amach anseo, is sa dá theanga a bheidh siad ar fáil.	Leanúnach
An Ghaeltacht	Cruinnithe	Mar a luadh roimhe seo, níl baint ag an Roinn seo le seirbhísí a chur ar fáil go díreach chuig an bpobal, i gceantair laistigh ná lasmuigh den Ghaeltacht. Dá gcuirfí seirbhísí mar sin ar fáil, áfach, chinnteoidimis gur i nGaeilge a bheadh siad.	Leanúnach

Caibidil 5: Ag Feabhsú Soláthar Seirbhísí i nGaeilge sa Ghaeltacht

Ag feabhsú soláthar seirbhísí i gceantair Ghaeltachta agus ag cinntiú go ndéanfar teanga oibre den Ghaeilge in oifigí suite sa Ghaeltacht faoi dháta áirithe.

Gealltanais sa Ghaeltacht

Cur síos ar na seirbhísí sa Ghaeltacht	Gealltanais	Amlíne Laistigh de Bl.1/Bl.2/Bl.3
<p>Ní chuirimid seirbhísí ar fáil go díreach chuig ceantair Ghaeltachta. Níl aon oifig againn sna ceantair Ghaeltachta.</p>	<p>Mar a luadh roimhe seo, níl baint phríomha ag an Roinn seo le seirbhísí a chur ar fáil go díreach chuig an bpobal, i gceantair laistigh ná lasmuigh den Ghaeltacht. Cé nach mbíonn teagmháil dhíreach againn leis an bpobal Gaeltachta, áfach, chinnteoimis gur i nGaeilge a dhéanfaí aon teagmháil dá dtarlódh sin.</p> <p>I gcas ar bith ina mbeadh logainmneacha Gaeltachta in úsáid (e.g. foilseacháin nó bunachair sonraí inmheánacha), is mar a d'fhógair an tAire Ealaíon, Oidhreacht agus Gaeltachta sna hOrduithe logainmneacha ábhartha a luafar logainmneacha na n-áiteanna sin a bheidh le húsáid chun críocha oifigiúla.</p>	<p>Leanúnach</p>

Caibidil 6: Ag Feabhsú Inniúlacht sa Ghaeilge

6.1 Earcaíocht

Is é earcú foirne le scileanna cumasacha Gaeilge i ngach réimse d'obair [Roinn an Taoisigh] an príomhbhealach a bheidh ann chun barr feabhais a chur ar infhaighteacht seirbhísí i nGaeilge. Beidh aird ag ár bpolasaí earcaíochta, atá faoi réir an chreata de nósanna imeachta comhaontaithe náisiúnta d'earcaíocht, ar an ngá chun inniúlacht Gaeilge a fheabhsú ar bhonn céimnithe.

Cuirfear pacáiste ionduchtúcháin ina mbeidh cóip dár scéim chomhaontaithe, ar fáil do gach ball foirne chun a chinntiú go mbeidh siad ar an eolas faoinár ngealltanais faoin reachtaíocht.

6.2 Oiliúint agus Forbairt

Tá [Roinn an Taoisigh] tiomanta deiseanna a chur ar fáil don fhoireann chun freastal ar chúrsaí oiliúna Gaeilge atá creidiúnaithe go cuí, de réir ár n-acmhainní. Cuirfear an fhoireann iomlán ar an eolas faoi áiseanna/dheiseanna chun a n-inniúlacht sa Ghaeilge a fheabhsú.

		Gealltanais	Amlíne Laistigh de BI.1/BI.2/BI.3
Feabhsú ar chumas Gaeilge	Earcaíocht	<p>Mar chuid dá beartas earcaíochta, leanfaidh an Roinn uirthi, i gcomhar leis an tSeirbhís um Cheapacháin Phoiblí, féachaint chuige go mbeidh an fhoireann a earcófar inniúil sa Ghaeilge a mhéid agus is féidir.</p> <p>Faoi réir ag na srianta eile a rialaíonn socrúchán foirne, féachfaidh an Roinn lena chinntiú go mbeidh ar a laghad ball foirne amháin i ngach Rannán inniúil sa Ghaeilge. Sa chás nach féidir sin a dhéanamh, de bharr easpa foirne atá inniúil sa Ghaeilge, cuirfear socrúithe foirmiúla ar bun lena chinntiú go mbeidh baill foirne eile atá inniúil sa Ghaeilge in ann déileáil le fiosrúcháin. Déanfar athbhreithniú ar na socrúithe seo i bhfianaise an t-athrú a thiocfaidh ar an éileamh.</p>	Leanúnach

	Oiliúint	<p>Leanfaidh ár nAonad Oiliúna ar aghaidh ag déanamh monatóireachta ar an éileamh ar sheirbhísí i nGaeilge thar na rannóga ar fad sa Roinn agus ag cur oiliúint iomchuí i nGaeilge ar fáil, de réir mar is gá.</p> <p>Eagrófar oiliúint feasachta i gcomhthráth le seoladh ár Scéime Teanga nua.</p>	Leanúnach
	Rannpháirtíocht i ngníomhaíochtaí chun an teanga a chur chun cinn/ Acmhainní a chur ar fáil	Déanann ár nOifigeach Gaeilge poiblíocht ar ranganna agus ócáidí Gaeilge agus déanann monatóireacht ar riachtanais foirne maidir le hacmhainní Gaeilge – e.g. socruithe aistriúcháin.	Leanúnach

6.3 Poist Shainithe Ghaeilge

Tá na poist liostáilte thíos sainithe mar phoist a mbaineann riachtanas inniúlachta Gaeilge leo. Tá sé i gceist go mbeidh caighdeán shonraithe chreidiúnaithe sa Ghaeilge bainte amach ag sealbhóirí na bpost seo i gcomhréir le cúraim an phoist. Nuair a bhí na poist seo á sainiú, tugadh aird ar leith ar phoist atá lonnaithe i gceantair Ghaeltachta agus ar phoist atá lonnaithe i gceantair lasmuigh den Ghaeltacht ach ar phobail Ghaeltachta agus/nó Ghaeilge mórán dá mbonn custaiméirí.

Teideal an Phoist	Láthair	An pobal Gaeltachta/Gaeilge ar a bhfuiltear ag freastal	Comharthú den chaighdeán Gaeilge a theastaíonn (roghnaigh ceann: tosaitheoirí, meánleibhéal nó ardleibhéal)
Oifigeach na Meán Gaeilge	Preasoifig an Rialtais	Níl aon cheann faoi leith ann. Freastalófar ar an bpobal i gcoitinne tríd an bpost seo.	Meánleibhéal/Ardleibhéal
Oifigeach Acmhainní Gaeilge	Oifig Phríobháid-each an Taoisigh	Níl aon cheann faoi leith ann. Freastalófar ar an bpobal i gcoitinne tríd an bpost seo.	Meánleibhéal/Ardleibhéal

Caibidil 7: Monatóireacht agus Athbhreithniú

Déanfaidh an [Líonra Gaeilge] monatóireacht agus athbhreithniú ar an scéim ar bhonn rialta a bheas comhdhéanta d'eocharoifigigh ó réimsí ar nós Gnóthaí Corparáideacha, an Preasoifig, Oifig Phríobháideach an Taoisigh agus araile. Is é/í [Sinéad Nic Coitir (Fón: 01-6194261; ríomhphost: gaeilge@taoiseach.ie)] an teagmhálaí don scéim.

Beidh córas foirmiúil ar fáil chun monatóireacht a dhéanamh ar iarratais ar sheirbhísí i nGaeilge agus beidh cuntas air sin inár dTuarascáil Bhliantúil.

Caibidil 8: Poibliú na Scéime Comhaontaithe

Déanfar poibliú inmheánach agus seachtrach ar an scéim seo trí phreasráiteas i dtosach báire. Cuirfimid leagan dátheangach den scéim ar fáil ar ár suíomh gréasáin agus cuirfear ar fáil í do gach ball foirne agus do na gníomhaireachtaí cuí. Féadfar modhanna eile chun an scéim a phoibliú a úsáid freisin.

Ina theannta sin, tapóimid gach deis inár n-idirghníomhú laethúil le custaiméirí chun na seirbhísí a chuirimid ar fáil i nGaeilge a chur chun cinn agus a phoibliú ar na bealaí seo a leanas:

- custaiméirí a chur ar an eolas go díreach, ar bhealach réamhghníomhach, maidir leis an rogha atá acu gnó a dhéanamh linn i nGaeilge, mar shampla, trí fhógraí a chur ar taispeánt ag an bhfáiltiú a luann na seirbhísí Gaeilge atá ar fáil;
- na seirbhísí sin a liostú in áit ina mbeidh siad le feiceáil go soiléir ar ár suíomh gréasáin;
- cuirfimid in iúl ar threoirínte, bileoga eolais agus foirmeacha iarratais ar leith go bhfuil na cáipéisí seo ar fáil i nGaeilge freisin, mura bhfuil siad ar fáil go dátheangach;
- tabharfaimid suntasacht chomhionann d'ábhair Ghaeilge agus Bhéarla.

Cuirfear cóip den scéim chomhaontaithe ar aghaidh chuig Oifig an Choimisinéara Teanga.

Is é an leagan [Béarla] an leagan oifigiúil den scéim seo.